# Polasaí Gaeilge

**Seirbhís Cois Cósta Bhaile’n Sceilg**

**Seirbhís Pobail Cois Cósta ag feidhmiú i mBá Bhaile’n Sceilg agus sa cheantar cósta máguaird.**

## 1.0 Réamhrá.

Tá an tseirbhís seo le bheith lonnaithe i gceanntar Gaeltachta, agus is ón bpobal áitiúil a tháinig an spreagadh chun a bhunaithe. Tá sé nádúrtha mar sin go mbeadh tús áite ag an nGaeilge in imeachtaí an eagrais.

An méid sin ráite, i gcásanna áirithe beidh sé oiriúnach teangacha eile a úsáid: mar shampla caidreamh dá-theangach Gaeilge/Béarla a dhéanamh le lucht tacaíochta ar fud na tíre, nó Béarla amháin le saoir báid thar lear.

## 2.0 Plean Teangan

### 2.1 Ainm an Chomhluchta

Deineadh an eagraíocht a ionchorprú leis an ainm “Ballinskelligs Inshore Rescue Ltd.”, ach díreach ina dhiaidh sin chláraíodh “Seirbhís Cois Cósta Bhaile'n Sceilg” mar ainm ghnó d'úsáid na cuideachta.

### 2.2 Cúrsaí Bainc

Beidh an ainm Gaeilge amháin ar leabhar seice an chomhluchta.

### 2.3 Comhfhreagras

Tá páipéar oifigiúil an chomhluchta curtha i gcló, agus an mioneolas dlíthiúil ar fad i ngaeilge agus i mBéarla. Scríobhfar litreacha chuig Ranna Rialtais agus Oifigí Stáit i nGaeilge de gnáth, nó dá-theangach i gcásanna áirithe má bhíonn gá leis.

## 2.4 Plé leis na meáin

Cuirfear tuairiscí agus ábhar fáisnéise eile ar fáil i nGaeilge nó dá-theangach, ag braith ar an lucht léite. Go ginearálta beidh ticéidí dá-theangach, ach cló níos mó ag an nGaeilge. Má thugann dream ar bith urraíocht don eagraíocht, tabharfar aitheantas dóibh i nGaeilge.

## 2.5 Ócáidí Poiblí

Déanfar teastais traenála, duaiseanna chrannchuir srl. a bhronnadh trí Gaeilge. Mar an gcéanna le oscailt oifigiúil áiseanna agus treallaimh nua.

## 2.6 An tigh bháid

Cuirfear ainm Gaeilge na heagraíochta ar Éadaí Sábháilteachta, ar an mbád, agus ar an dtaobh amuigh den dtigh bháid. Ar an dtaobh istigh, bainfear úsáid as comharthaí Gaeilge chomh maith.

## 2.7 Oifigeach Gaeilge

Tá oifigeach ainmnithe ar an gcoiste chun na spriocanna thuasluaite a chur chun cinn.